Alt
01-05-2020 - 17:37
20200423STO77709

Parlaimint na hEorpa

# Saoirse an phreasa a chosaint le linn thréimhse seo an choróinvíris

**Tá ráig an choróinvíris tar éis drochthionchar a bheith aige ar na meáin ag tréimhse a bhfuil faisnéis chruinn ag teastáil níos mó ná riamh.**

Tá staid airgeadais na meán, go háirithe na meáin nuachta, ag dul in olcas ar fud an Aontais Eorpaigh mar gheall ar laghdú tobann nó caillteanas iomlán ioncaim fógraíochta, rud a d'fhéadfadh a bheith ina shiocair le cliseadh eagraíochtaí nuachta ar fud na hEorpa.

I rún an 17 Aibreán, tharraing feisirí Eorpacha aird ar an tábhacht a bhaineann le meáin atá saor, neamhspleách agus a chistítear go leordhóthanach do dhaonlathas feidhmiúil agus chun a áirithiú go gcuirfear saoránaigh ar an eolas go maith, go mór mór i rith géarchéime cosúil leis an ráig Covid-19.

Chuir feisirí in iúl chomh maith gur fadhb ollmhór shláinte phoiblí é bréagaisnéis faoin gcoróinvíreas agus d'iarr siad ar an gCoimisiún foinse faisnéise Eorpach a bhunú, sna teanga oifigiúla ar fad, chun a áirithiú go bhfuil rochtain ag muintir na hEorpa ar fhaisnéis chruinn agus fíoraithe.

Tá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, agus saoirse agus iolrachas na meán, cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.





Grafaic faisnéise: An Chairt um Chearta Bunúsacha

## Maoiniú éigeandála do na meáin

Chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim atá ag bagairt ar na meáin, tá feisirí an choiste um chultúr tar éis iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach an fhéidearthacht a fhiosrú i dtaca le ciste éigeandála a bhunú chun tacaíocht a thabhairt d'earnáil na meán agus an phreasa.

Glacadh le roinnt bearta ar leibhéal na hEorpa cheana féin chun tacú le saoirse na meán agus chun iriseoirí a chosaint. An mhí seo caite, chuir an tAontas Eorpach €5.1 milliún ar fáil chun tionscadail a mhaoiniú a bhfuil sé mar aidhm leo sáruithe ar shaoirse an phreasa a aithint agus a chosc, baol ar an iolrachas a aimsiú, agus tacú le fiosrúcháin thrasteorann.




Grafaic faisnéise: Innéacs 2020 um Shaoirse na Meán

# Lá Domhanda Shaoirse an Phreasa


Mar gur cuid ríthábhachtach d'aon tsochaí dhaonlathach meáin atá saor, éagsúil agus neamhspleách, tá an tAontas Eorpach tiomanta leanúint den saoirse tuairimíochta agus cainte a

chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain.

Roimh Lá Domhanda Shaoirse an Phreasa a cheiliúrtar an 3 Bealtaine, foilsíodh Innéacs Domhanda de Shaoirse an Phreasa 2020. In innéacs na bliana seo, cuirtear san áireamh tionchar ráig an choróinvíris ar iriseoireacht shaor agus fhéaráilte.

Is léir ó innéacs 2020 go bhfuil an Eoraip ar an áit is fearr ar domhan ó thaobh shaoirse an phreasa de. Ag barr an tábla ar leibhéal domhanda, tá an Iorua, an Fhionlainn, an Danmhairg, an tSualainn agus an Ísiltír. Rangaíodh Éire sa 13ú áit as 180 san innéacs.

In ainneoin go bhfuil an tAontas Eorpach ar an réigiún is fearr ar domhan ó thaobh shábháilteacht an phreasa de, tugann Tuairisceoirí gan Teorainneacha (RSF) le fios go mbaineann contúirtí le hobair iriseoirí san Eoraip mar sin féin.




Grafaic faisnéise: cás iriseoirí timpeall an domhain

Ar leibhéal domhanda, tá tionchar tar éis a bheith ag na bearta Covid-19 atá glactha ag rialtais i roinnt tíortha ar a rangú san innéacs. Rangaíodh an tSín sa 177 áit as 180, tá an Iaráin sa 173 áit agus tá an Iaráic sa 162 áit.

Tá sé tugtha le fios ag RSF gur maraíodh 11 iriseoirí ó thús 2020. Ba é 2019 an bhliain ba shábháilte ó bhí 2003 ann, ach maraíodh 49 iriseoirí timpeall an domhain, dúnmharú Lyra McKee i gcathair Dhoire san áireamh.

Tá 361 iriseoirí á gcoinneáil timpeall an domhain i láthair na huaire, i gcomparáid le 389 i Nollaig 2019. As na hiriseóirí ar fad atá á gcoinneáil, is sna tíortha seo a leanas a bhfuil beagnach leath dóibh: an tSín, an Éigipt agus an Araib Shádach.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sna grafaicí faisnéise thuas, agus tá faisnéis faoi mhodheolaíocht Thuairisceoirí gan Teorainneacha ar fáil anseo.

## Tuilleadh faisnéise

Físchomhdháil na Comhairle maidir le bearta chun tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (8 Aibreán 2020)
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
Cosaint ceart bunúsach san Aontas Eorpach
Físeán: "Is ionann deireadh le saoirse an phreasa agus deireadh leis an daonlathas"